



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuairisc ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'Iarrthóiri

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 laistigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaici 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaici 1, 3, 4, 5, 6.

Freagair na ceisteanna ar thopaic amháin as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2

Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Misean na nÍosánach sa tSín

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Ó dhoiciméad A, cén chairt ar chuir na Sínigh léannta suim inti?
(b) Cé a d'iarr ar Matteo Ricci a chairt a chur ag labhairt Sínise, dar le doiciméad A?
(c) Dar le doiciméad B, cá mhéad clóbhualadh a rinneadh de leabhar Ricci ar an teagasc Críostaí?
(d) Ó dhoiciméad B, cén t-oifigeach tábhachtach a thug cuairt ar Matteo Ricci chun a leabhar a phlé? (40)
2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a insíonn níos mó dúinn faoin tsuim a bhí ag Sínigh léannta in obair Ricci? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, a insíonn níos mó dúinn faoin tsuim a bhí acu siúd a raibh poist chumhachtacha acu in obair Ricci? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)
3. (a) Cé chomh maith agus atá an fhianaise i ndoiciméad A faoi na modhanna a d'úsáid Matteo Ricci chun teagasc na Críostaíochta a scaipeadh sa tSín? Mínigh do fhreagra.
(b) Cén fhianaise atá i ndoiciméad B faoi dhearcadh Chúirt Ríoga Phéicing i leith na nÍosánach? (20)
4. Cén fáth a raibh Matteo Ricci chomh tábhachtach sin i misean na nÍosánach sa tSín? (20)

- Doiciméad A -

Is sliocht leasaithe é seo a leanas, do 1584, ón dara cín lae a scríobh Matteo Ricci fad agus a bhí sé mar mhisinéir de chuid na nÍosánach sa tSín. D'fhoilsigh Trigault, a chomh-mhisinéir, na cíona lae seo i 1615, cúig bliana tar éis bhás Ricci.

Bhí cairt na cruinne i litreoireacht Eorpach ar crochadh ar bhalla an tseomra fáiltithe i dTeach an Mhisin in Sciauquin. Bhí an-mheas ag an dream ba léannta i measc na Síneach uirthi. Tháinig an-fhonn orthu go ndéanfaí an rud céanna i Sínis. Mar sin, chuaigh an Gobharnóir i gcomhairle leis an Athair Matthew Ricci agus d'iarr sé air, faoi mar a dúirt sé é, a léarscáil a chur ag labhairt Sínise.

Chuaigh Ricci i mbun oibre ar an toirt ar an tasc seo a bhí ag teacht leis na tuairimí a bhí aige faoi chraobhscaoileadh an tSoiscéil. Rinne sé an ceann nua ar scála níos mó ná an ceann bunaidh le níos mó spáis a thabhairt do charachtair scríofa na Sínise.

Chuir sé nótaí nua léi ag cur síos ar rúndiamhра diaga an chreidimh Chríostaí, nach raibh eolas ag na Sínigh orthu roimhe sin. Bhí súil aige ainm agus clú na Críostaíochta a scaipeadh ar fud na Síne ar an mbealach seo. Ba mhinic a rinneadh an staidéar tíreolaíochta seo a athcheartú agus a bheachtú agus ba mhinic a athchlódh é. Rinne sé a bhealach isteach i gcúirteanna an Ghobharnóra agus an Leasrí agus ar deireadh isteach i bpálás an Rí, ar iarratas uaidh féin

Foinse: Louis J Gallagher, S. J. (aistritheoir), *China in the sixteenth century: The Journals of Matthew Ricci: 1583 – 16100*, Nua-Eabhrac: Random House, 1953, lgh.165-167.

- Doiciméad B -

Is sliocht leasaithe é seo a leanas, do 1603, ón cúigiú cín lae a scríobh Matteo Ricci fad agus a bhí sé mar mhisinéir de chuid na nÍosánach sa tSín. D'fhoilsigh Trigault, a chomh-mhisinéir, na cíona lae seo, cúig bliana tar éis bhás Ricci.

Rinne an tAthair Ricci staidéar ar an tSínis agus d'éirigh sé chomh heolach sin ar litríocht na Síne go raibh meas ag aicme liteartha na Síne air. Chuir na hÍosánaigh a gcéad leabhar ar Theagasc Críostaí ar fail i 1584 le cabhair ó ateangairí. Rinne an tAthair Ricci é a athcheartú, a mhéadú agus a atheagrú i 1603, i bPéicing. Thug an t-eagrán nua míniú níos ionláine ar an Teagasc Críostaí.

Cuireadh leabhar an Athar Ricci i gcló ceithre huairé agus foilsíodh é i gcúigí éagsúla sa tSín. Bhí duine de na Giúistí sí ab airde céim i gCúirt Ríoga Phéicing chomh tógha sin leis an leabhar nuair a léigh sé é gur tháinig sé ar cuairt chuig na hAithreacha. Shuigh sé in aice leis an Athair Ricci agus dúirt "An tusa údar an leabhair seo?" Dúirt an tAthair Ricci gurbh é agus lean an cuairteoir ar aghaidh, "Caithfidh sé gur duine naofa é údar a leithéid de leabhar. Níor nós dom riagháin ná níorbh é mo mhian riagháin, a bheith mar namhaid ag fir naofa. Mar sin, caithfidh mé a iarraidh ort mo neamháid roimhe seo a mhaithreamh dom agus tá súil agam go ndéanfaidh mo chuid cairdis amach anseo cíuteamh ar a shon sin."

Ansin thosaigh sé ag caint faoi nithe eile agus mar chríoch dúirt sé "Tá mórán a mhaíonn go minic nach bhfuil faitíos orthu roimh eachtrannaigh cosúil libhse mar go mbeadh sé dodhóanta ag aon duine a leanann bhur gcuid teagaisc dochar a dhéanamh do leas an phobail."

Foinse: Louis J Gallagher, S. J. (aistritheoir), *China in the sixteenth century: The Journals of Matthew Ricci: 1583 – 16100*, Nua-Eabhrac: Random House, 1953, lgh.446-45

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

Éire: Topaic I
Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Rinne Richard Stanihurst (1547-1618), scoláire agus staraí as Baile Átha Cliath, cur síos ar na Baird ina leabhar *Ireland's Past* i 1584. Léigh an sliocht leasaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tugann na hÉireannaigh onóir dá gcuid filí, a ndéanann a gcuid tallainne dochar nó maitheas do chlú duine. Baineann moladh ó fhile glór shíoraí amach don té a mholtar. Bíonn an té a chántear i véarsaíocht den tuairim gurb ionann é agus breith an bháis a thabhairt air.

Ní thaispeánann siad siúd a ndearnadh clúmhilleadh orthu a n-aghaidheanna ach glacann siad leis gan aon ghearán. Ní hiad na sagairt agus na filí amháin a dtugann siad onóir dóibh. Tugann siad an onóir chéanna do gach duine léannta. Amhail mhuintir an tseansaoil, nach gceadódh go dtabharfaí saothe orthu agus arbh fhearr leo go dtabharfaí fealsaimh nó daoine ar thóir gaoise orthu, ní thugann na Gaeil saoi ar scoláire mór le rá ná ar ealaiontóir cé gur mian leo an duine sin a mholadh go hard na spéire. Ina ionad sin, tugann siad 'mac léinn maith' air.

Foinse: Colm Lennon, *Richard Stanihurst the Dubliner*, Baile Átha Cliath, 1981.

1. Cé hiad siúd a bhfuil fonn ar na Gaeil iad a mholadh go hard na spéire?
2. Cad é an toradh a bhíonn ann nuair a mholann file duine i véarsaíocht?
3. Cad é an toradh a bhíonn ann nuair a cháineann file duine i véarsaíocht?
4. Ainmnigh dhá ghrúpa a dtugann na Gaeil onóir dóibh.
5. Conas a cuireadh oiliúint ar na Baird?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Parlaimint 1541 agus an polasaí géillte agus athbhronnta.
2. An tArdeaspag George Browne.
3. Na mainistreacha agus a ndíscaoileadh.
4. Bailte móra, gildeanna agus trádáil.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh Tomás an tSíoda amach mar reibiliúnach agus cén toradh a bhí ar an éirí amach?
2. Cén fáth a raibh plandáil i Laois agus in Uíbh Fhailí agus ar éirigh léi?
3. Conas a bhí cearta na mban pósta faoi dhlí na nGael difriúil óna gcearta faoi dhlí Shasana?
4. Cad a chuir Eileánóir Nic Gearailt le Léig na nGearaltach?

Éire: Topaic 2
Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 - 1603

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo a leanas as litir ó William Lyon, easpag Chorcaí agus Rois, 6 Iúil 1596, faoin dul chun cinn suarach a bhí á dhéanamh ag an Reifirméisean. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Táimid i staid an-chontúirteach anseo... Tá cúigear breithiúna a shuíonn ar an mbínse ag gach seisiún cúirte nár ghlac an Mionn Ceannais don Bhanríon riamh. Dhiúltaigh beirt acu go hiomlán ag na seisiúin ghinearálta a bhí ar siúl i mí an Mhárta seo caite.... Dhá bhliaín ó shin, bhí mile nó níos mó i séipéal ag seanmóir agam. Anois níl fiú cúigear agam. Chonaic mé 500 comaoineoir nó níos mó dhá bhliaín ó shin. Níl fiú triúr ann anois.

D'ordaigh mé séipéil a atógáil. Tá leabhair curtha ar fáil agam do gach séipéal ar fud mo dheoise, Bíobláí, leabhair Chomaoineach, i mBéarla agus i Lainín araon.... Ach ní thiocfaidh duine ar bith chuig an séipéal, fiú na tuathánaigh. Leanann siad na sagairt a bhíonn ag áitiú orthu ... anseo i gcathair Chorcaí diúltaíonn na báillí an mionn a ghlacadh, agus ní thagann siad chuig an séipéal.

Foinse: Calendar of State papers, Éire, lgh. 14-16.

1. Cá mhéad breitheamh nár ghlac an Mionn Ceannais riamh?
2. Cá mhéad duine a d'fhreastail ar sheanmóirí sa séipéal dhá bhliaín roimhe sin?
3. Cá mhéad duine a d'fhreastail ar sheanmóirí sa séipéal nuair a scríobhadh an litir, 1596?
4. Cad iad na leabhair chreidimh a chuir an t-easpag ar fáil do gach séipéal ina dheoise?
5. Cad iad na fadhbanna a bhí rompu siúd a bhí ag iarraidh an Reifirméisean a chur chun cinn?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scrióbh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ceist na hollscoile.
2. James Fitzmaurice Fitzgerald.
3. Gráinne Ní Mháille.
4. An Pháil agus ualach an aimir.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na príomhghnéithe a bhain le Baile Átha Cliath faoi Eilís?
2. Cad a chuir Tadhg Dall Ó hUiginn le sochaí na hÉireann?
3. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Meiler Magrath agus cad a bhain sé amach?
4. Conas a bhí rath ar Aodh Ó Néill sa Chogadh Naoi mbliana?

An ríocht agus an choilíneacht: An streachailt don lámh uachtair in Éirinn, 1603 – 1660

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo as litir ó Sir John Davies, Ard-Aighne, chuit Robert Iarla Salisbury. Déanann sé cur síos ar fheidhmiú Phlandáil Uladh, i 1610. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

1. *Ar dtús dháileamar an talamh a bhí ceaptha do na dúchasaigh i measc na ndúchasach i sciartha difriúla, de réir an fhiúntais agus na gcáilíochtaí eagsúla a bhí acu. .*
2. *Ina dhiaidh sin, dháileamar an talamh a bhí ceaptha do na seirbheoirí ar an mbealach céanna.*
3. *Ar an triú dul síos, d'fhoilsíomar trí fhórógra i ngach contae cad iad na tailte a bhí bronnta ar ghealltóirí Briotanacha, ar sheirbheoirí agus ar na dúchasaigh. Bhí na dúchasaigh le himeacht ó na háiteanna a bhí tugtha do na Briotanaigh.*
4. *Déanfar plandáil faoi leith de Shasanaigh agus d'Albanaigh gan aon Éireannaigh. Beidh daonra measctha de Shasanaigh agus d'Éireannaigh le chéile ar na tailte atá ceaptha do dhúchasaigh agus do sheirbheoirí.*
5. *Ar deireadh, maidir leis na gealltóirí Briotanacha, ar tháinig a bhformhór anall, thugamar an ceart dóibh an talamh a ghabháil agus seilbh a ghlacadh ar a gcuid sciartha féin. Thugamar adhmad dóibh dá gcuid foirgneamh.*

Foinse: Henry Morley (eagarthóir), *Ireland under Elizabeth and James the First*, Londain, Routledge 1890.

1. Cén forógra a rinne Sir John Davis i ngach contae?
2. Cé hiad siúd a raibh orthu imeacht as na háiteanna a tugadh do na Briotanaigh?
3. Cé hiad siúd a bhí le bheith ina gcónaí le hais na ndúchasach de réir phlean na Plandála?
4. Cén grúpa ar tugadh an ceart dóibh an talamh a ceapadh dóibh a ghabháil agus seilbh a ghlacadh air?
5. Ar éirigh le Plandáil Uladh nó ar theip uirthi? Tabhair fáth le do fhreagra.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Richard Boyle.
2. Staid na hÉireann i 1641.
3. An t-arm agus na Grása.
4. *Foras Feasa* an Chéitinnigh.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar cuireadh Strafford ar a thriail agus cén toradh a bhí uirthi?
2. Cad a chuir Lováin leis an bhfrith-Reifirméisean in Éirinn?
3. Cén rath a bhí ar Eoghan Rua Ó Néill in Éirinn?
4. Cad ba mhian le Cromail a bhaint amach in Éirinn agus ar éirigh leis?

Éire: Topaic 4
Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is cuntas leasaithe é seo faoi fhorbairtí i mBaile Átha Cliath, filleadh roinnt teaghlaigh seánbhunaithe agus teacht lonnaitheoirí nua, i ndiaidh na hAthghairme. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Sna 1660idí bhí muintir Talbot ar ais i Mullach Íde, muintir Wolverston i Stigh Lorgan, muintir Barnewalls ag Brí Mhór, muintir Cheevers i mBaile na Manach, Garret Archibald ag Ráth Miontaín, agus George Foster ag Baile Uí Dhúda.

Bhí Fionnghlas ar cheann de na hionaid ab fhaiseanta mar áit chónaithe do na huaisle...thosaigh ré nua do Chluain Tarbh.....bhí uaisle ag teacht isteach sa chuid seo de bharúntacht na Cúlóige – go Dhroim Conrach, go Cluain Tarbh agus go Ráth Eanaigh.

Tháinig fás ar Chill Mhaighneann sna 1660idí agus is comhartha ar na feidhmeanna tionsclaiocha a bhí aige na mulite agus na céartai a bhí ann. Bhí Séipéal Iosóid tagtha chun cinn mar bhruachbhaile tionsclaioch a raibh fás ag teacht ar thionscal an líneadaigh ann.

Foinse: William J. Smyth, *Map-making, Landscapes and memory, a Geography of Colonial and Early Modern Ireland, 1530 1750*, Corcaigh: Cork University Press, 2006.

1. Ainmnigh trí theaghlaigh thábhachtacha de chuid Bhaile Átha Cliath a fuair a gcuid tailte ar ais tar éis na hAthghairme.
2. Cad a bhí ag tarlú i bhFionnghlas sna 1660idí?
3. Cén cineál daoine a bhí ag teacht isteach go Cluain Tarbh, Ráth Eanaigh agus Droim Conrach sna 1660idí?
4. Cén tionscal a bhí ag forbairt i Séipéal Iosóid?
5. Cad ba chiall le hAcht an tSocraithe agus an tAcht Mínithe?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Chomhcheilg Pháspánach, 1678.
2. Cogadh an Dá Rí.
3. Samuel Louis Crommelin.
4. An tAcht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cinntí a rinneadh ag Parlaimint 1689?
2. Cad a chuir na filí Seacaibíteacha le cultúr na hÉireann?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí gníomhréim William Moloyneux?
4. Cén rath a bhí ar Phádraig Sáirséil agus cad iad na teipeanna a bhí aige?

An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannais in Éirinn i lár an ochtú haois déag,
1715-1770

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh an staráí sóisialta Louis Cullen faoi stair shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann. Léigh an sliocht leasaithe seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Lean gníomhaíocht i dtógáil bóithre ar aghaidh ar feadh céad bliain mar thoradh ar fhás na trádála. Ba bhóithre dola iad mórán de na bóithre a tógadh sna ceantair ba ghnóthaí roimh na 1760idí. Íocadh astu trí chaipiteal a fháil ar iasacht. Tugadh an t-ioncam a measadh a thiocfadh as doláí a ghearradh ar thrácht mar urrús. Ach bhí na costais a bhain leis na bóithre seo a thógáil agus a chothabhbáil ard i gcomparáid leis an ioncam.

Ó na 1760idí ar aghaidh íocadh as formhór na mbóithre trí bhéas nó cáin a ghearr Ard-Ghiúiré an chontae ar áitritheoirí maoine laistigh den bharúntacht lenar bhain sé.

Ba léir dóibh siúd a mhair ag an am go raibh feabhas mór tagtha ar na bóithre. ‘Níl aon dul as ag an taistealaí ón mBreatain ach a thabhairt faoi deara go bhfuil Éire, tir atá go mór chun deiridh orainn, imithe chun cinn go tobann orainn i gcúrsai bóithre,’ a scriobh Arthur Young. Bhí Richard Twiss, taistealaí eile ón mBreatain sna 1770idí, den tuairim go raibh na bóithre ina n-iomláine chomh maith leo siúd timpeall ar Londain.

Foinse: L. M. Cullen, *Life in Ireland*, Batsford, 1968, lgh. 73-4.

1. Cén tionchar a bhí ag an bhfás ar an trádáil ar staid na mbóithre in Éirinn san ochtú haois déag?
2. Conas a íocadh as na bóithre dola in Éirinn roimh na 1760idí?
3. Conas a cuireadh airgead ar fáil chun bóithre a thógáil tar éis 1760?
4. Cad a cheap Richard Twiss faoi bhóithre na hÉireann?
5. Cén fáth ar tháinig fás ar an smuigleáil in Éirinn ag an am sin?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Leathphingin Wood.
2. Na Ponsonbys.
3. Oideachas do Chaitlicigh.
4. Meath na Gaeilge.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a rinne Séarlas Ó Conchubhair agus an Coiste Caitliceach iarracht leasú a chur i gcrích?
2. Cérbh iad na Buachaillí Bána agus cad iad na haidhmeanna a bhí acu?
3. Cad a chuir Arthur Guinness le sochaí agus geilleagar in Éirinn?
4. Cén fhianaise a sholáthair an t-ionchúiseamh ag triail deiridh an Athar Mhic Síthigh i 1766?

Éire: Topaic 6
Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Bhí John Foster, Spéicéir Theach na dTeachtaí in Éirinn, in aghaidh Bhille an Aontais. Léigh an sliocht leasaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

An féidir leo siúd a chloiseann anois mé a shéanadh gur tháinig fás ar an tir seo maidir le sibhialtacht, le rachmas agus le déantúsaiocht ó thréimhse 1782? Lean an fás nó gur chuir an cogadh seo isteach air. Tháinig fás níos mó agus níos tapúla uirthi ná in aon tir eile san Eoraip. Tá fás níos mó tagtha uirthi ná mar a tháinig riabh roimhe sin ina leithéid de thréimhse.

Agus cad is cús leis an bhfeabhas sin? Is é an spiorad, an tsástacht agus an fhiontraíocht a spreag Bunreacht saor is cús leis.

Foinse: Stephen Gwynn, *Henry Grattan and his times*, Baile Átha Cliath: Browne & Nolan, 1939, lgh. 354-5.

1. Cérbh é Spéicéir Theach na dTeachtaí in Éirinn nuair a moladh Bille an Aontais?
2. De réir an Spéicéara, cad iad na bealaí ar tháinig feabhas ar Éirinn ó 1782?
3. Cad a chuir isteach ar an bhfeabhsú tapa in Éirinn?
4. Cad ba chúis leis an bhfeabhsú seo dar leis an Spéicéir?
5. Cén ionadaíocht a fuair Éire i dTeach na dTeachtaí faoi Acht an Aontais?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Saorthrádáil agus Parlaimint Grattan.
2. Wolfe Tone agus na hÉireannaigh Aontaithe.
3. An tAthair Artúr Ó Laoghaire.
4. Eibhlín Dhubh Ní Chonaill.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar theip ar an éirí amach i Loch Garman sa deireadh?
2. Cad iad na dálaí ba chúis le fás Bhéal Feirste?
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí bunú Choláiste Mhaigh Nuad?
4. Cad a chuir Nano Nagle leis an oideachas in Éirinn?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic I
An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Rinne Giorgio Vasari (1511-74) cur síos beoga ar dhealbh Michelangelo den Pietà. Is sliocht é seo as ‘Life of three Renaissance Artists’ de chuid Vasari. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí fonn ar an gCairdinéal Rouen, feidhm a bhaint as tallanna neamhchoitianta Michelangelo le cuimhneachán éigin a bheadh oiriúnach dó féin a fhágáil i gcathair mhór na Róimhe. Mar sin, choimisiúnaigh sé Michelangelo chun Pietà mar marmair a dhéanamh... Ní fhéadfadh ceardai nó dealbhóir ar bith, is cuma cé chomh hiontach agus a bhí sé, grástúlacht ná dearadh an tsaothair seo a sháru go deo ná ní fhéadfadh sé iarracht a dhéanamh an marmor a ghearradh ná a shnasú leis an scil chéanna agus a léirigh Michelangelo.

Ar na gnéithe áille (na fallaingeacha inspioráidithe san áireamh) is é corp Chríost féin is suntasai. Tá dreach álann an éadaín, an comhréiteach sna haitl agus sna láimha, sna cosa, agus sa cholainn atá ceangailte leis agus an fiochán mion de chuisli agus d'fhéitheacha chomh hiontach sin gur deacair a chreidiúint go bhféadfadh lámh ealaíontóra an saothar seo a chruthú.

Is miorúilt é go dearfa go bhféadfaí foirfeacht, nach bhfuil an nádúr féin in ann a chruthú sa duine daonna ach ar éigean, a mhúnlú as bloc cloiche gan chruth.

1. Cé a choimisiúnaigh Michelangelo chun Pietà a dhealbhú?
2. Conas a rinne Vasari cur síos ar scil Michelangelo i ngearradh agus i snasú marmair?
3. Cad iad na gnéithe áille den Pietà a thaitin go mór le Vasari?
4. Cad é a bhí ina mhíorúilt dar le Vasari?
5. Ainmnigh ealaíontóir amháin de chuid na hAthbheochana seachas Michelangelo.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aontas Castille agus Aragon.
2. Christopher Columbus.
3. Desiderius Erasmus.
4. Colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh Niccolo Machiavelli ina scríbhneoir tábhachtach?
2. Conas a d'éirigh le Sevilla a bheith mar chalafort tábhachtach don Domhan Nua?
3. Cad a bhí Martin Luther ag iarraidh a athrú lena agóid i gcoinne na hEaglaise Caitlicí?
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an Ghinéiv Chailvíneach do scaipeadh an Chailvíneachais?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 3
Éclips na Sean-Eorpa, 1609-1660*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Is sliocht leasaithe é seo as tuarascáil le Richard Cocks, Sasanach a raibh pribhléidí trádála aige sa tSeapán. Scríobhadh é i bhfoirm nóta chuig an ardchisteoir. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Míthaitneamh tugtha ag Impire na Seapáine do na Dúitsigh; diúltaithe aige do bhrónntanas a chuir siad chuige... Cuirtear suas go ciúin le trádáil na Síneach sa tSeapán... An chontúirt ann go gcaillfidh na hOllanaigh oileáin na Molacaí má dhiúltáíonn impire na Seapáine cead a thabhairt dóibh dul isteach ina thír, mar is í an tSeapán an stóras atá acu, áit a bhfuil flúirse mhór d'iarann agus de chopar, le hordanás agus grán a dhéanamh agus fir oibre oilte chun iad a mhúnlú; faoi láthair tá long 600 nó 700 tonna ag Firando ag na hOllannaigh, luchtaithe go hiomlán do na Molacaí, áit a bhfuil an lámh in uachtar go mó acu ar na Spáinnigh.

Téann raidhse mhór de thorthaí, d'arbharr, d'eallái, de mhianrai; chomh maith le brabach na mianach airgid agus óir chuig an impire. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí rialtas seo na Seapáine ar an tiorántacht is mó agus is cumhachtaí ar chualathas trácht riámh air ar fud an domhain.

1. Cén fáth a gceapann Richard Cocks go dtugann impire na Seapáine míthaitneamh do na Dúitsigh?
2. De réir Cocks, cad iad na hoileáin a d'fhéadfadh na Dúitsigh a chailleadh?
3. Cén fáth a bhfuil an tSeapán tábhachtach do na Molacaí?
4. Cén chumhacht Eorpach eile atá níos laige ná na Dúitsigh sna Molacaí?
5. Cé chomh rathúil agus a bhí na Dúitsigh san Áise?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Albrecht von Wallenstein.
2. Hugo Grotius.
3. Mná, obair agus an teaghach, 1609-1660.
4. Cráifeachas sa Ghearmáin.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Richelieu le forbairt absalóideachas na Fraince?
2. Cad a bhí mar bhuncheist i dtrial Galileo agus cad iad na hiarmhairtí a bhain leis an trial sin?
3. Cén fáth ar éirigh na Catalónaigh amach agus cén toradh a bhí ar an éirí amach sin?
4. Cad a chuir Peter Paul Rubens agus/nó Gian Lorenzo Bernini leis an ealaín bharócach?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh an duc de Saint-Simon cuntas ar aistriú cúirt an Rí Louis XIV chuig Versailles. Léigh an sliocht seo óna chuntas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ba chumasc de mhórán nithe ba chúis le cúirt an rí a aistriú as Páras agus í a choinneáil go buan amuigh faoin tir. Ba sa chathair sin ba mhó a tharraing an mionlach clampar agus ar an gcúis sin bhí an-mhíthaitneamh tugtha ag an rí di agus bhí sé den tuairim láidir go raibh sé baolach cóinéar ansin. Chreid sé dá mbeadh an chúirt lonnaithe in áit éigin eile, nach mbeadh sé chomh héasca ag grúpaí dul i mbun comhcheilge le Páras agus go mbeadh sé níos deacra í a cheilt mar go mbeadh sé níos éasca neamhláithreacht a thabhairt faoi deara.

Bhí baint nach beag freisin ag staid chiotach a chuid leannán agus an chontúirt a bhain le cumainn scannalacha a choinneáil ar siúl i bpriomhchathair ghnóthach leis an gcinneadh a rinne sé an chathair a fhágáil.

Cúiseanna eile ar fhág sé ná an grá a bhí aige don fhiach agus do bheith amuigh faoin spéir.....agus an pléisiúr a bhain sé as an tógáil, pléisiúr a tháinig chuige níos déanai ina shaol agus a bhí ag fás de shíor agus nach bhféadfaí sásamh a bhaint as sa bhaile mór, áit a raibh sé de shíor i síúle an phobail.

1. Cén fáth a raibh míthaitneamh tugtha ag an rí do Pháras de réir Saint-Simon?
2. Conas a d'fhéadfadh an rí súil níos fearr a choinneáil orthu siúd a raibh sé amhrasach fúthu, dar le Saint-Simon?
3. Cad iad na scannail a raibh an rí ag iarraidh iad a choinneáil faoi cheilt in Versailles?
4. Cad iad na cineálacha caitheamh aimsire a raibh an rí in ann taitneamh níos fearr a bhaint astu in Versailles?
5. Cén fáth a raibh gradam chomh mór sin ag Versailles?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. John Sobieski.
2. Baincéireacht agus forbairt mhargadh an airgid.
3. Teacht chun cinn Brandenburg.
4. An Turas Mór.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh brabúsach agus a bhí Comhlacht Sasanach na hIndia Thoir san Áise?
2. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an Streltsy i stair na Rúise?
3. Conas a d'athraigh Peadar Mór an Rúis?
4. Cad a chuir Isaac Newton agus Gottfried Wilhelm Leibnitz leis na heolaíochtaí?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5
Impireachtaí á mbunú, 1715-1775*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Bhí George Hewes i measc na trí bhuíon, i mbréagriocht Indiach Móháicise, a chuaigh ar bord long i mBostún agus a chaith 342 cófra tae thar an taobh. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí sé ina thráthnónaanois agus ghléas mé mé féin gan mhoill i gculaith Indiaigh, tua bheag agus cleith ar ionpar agam. Tar éis dom m'aghaidh a phéinteáil le deannach guail i siopa gabha, ar aghaidh liom go Griffin's Wharf, áit a raibh na longa leis an tae orthu.

Nuair a tháinig mé amach ar an tsráid sa bhréagriocht sin ar dtús, gluais mé liom in éineacht le móran eile a bhí gléasta agus feistithe mar mé féin...agus mháirseálamar in eagarrchuig ár gceann scribe...D'ordaigh ár gceannfort ansin dínn na haistí a oscailt agus na cófraí tae ar fad a thabhairt amach agus iad a chaitheamh thar bord loinge. Thosaíomar ar a chuid ordúithe a chur i gcrích ar an toirt. Ghearramar agus scoilteamar na cófraí ar dtús...

Nuair a bhíomar ag caitheamh an tae thar bord rinne cuid de na cathróirí as Bostún agus as an gceantar máguaird iarracht méid beag de a thabhairt leo dá dteaghlaigh féin.

1. Conas a chuir George Hewes é féin i mbréagriocht?
2. Cén trealamh a thug sé leis?
3. Cén fáth a ndeachaigh sé chuig Griffin's Wharf?
4. Cad a rinne na fir nuair a shroich siad na longa?
5. Cad a chuir George Washington le Cogadh Saoirse Mheiriceá?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Laissez-faire.
2. Maria Theresa na hOstaire.
3. Diúc Bridgewater agus tógáil canálacha.
4. Leathadh na litearthachta.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Montesquieu agus Voltaire leis an Eagnaíocht?
2. Cén tionchar a bhí ag Diderot agus an Encyclopédie?
3. Cad a chuir Benjamin Franklin le Réabhlóid Mheiriceá?
4. Cad iad na príomhghnéithe a bhain le plandálacha sclábhaithe na nIndiacha Thiar?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6
Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh an leifteantan Heinrich A. Vossler faoina chuid eachtraí i reisimint mharcra a throid le Grande Armée Napoléon. Chuaigh a reisimint isteach leis an bpriomhpháirt den arm roimh chath Borodino. Léigh an sliocht leasaithe seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a chuamar isteach arís leis an bpriomhpháirt den arm tráthnóna an 6 Meán Fómhair chonaiceamar go raibh dea-aoibh ar na saighdiúirí. Bhí Moscó in aice láimhe, bhí síul ag gach duine go dtiocfadh deireadh lenár gcrúatan nuair a ghabhfaí é. Bhí dóchas ag cuid acu go mbeadh creach le fáil acu agus síul ag cuid eile le gradaim mhileata a mbeadh neart diobh le fáil an lá dár gcionn.

Bhí an t-arm ar fad ar a gcosa le breacadh an lae. Bhí cúpla urchar le cloisteáil cheana féin. Chuaigh an reisimint sa diallait agus chuaigh in éineacht leis an dá cheann eile sa bhriogáid. Tháinig Aide-de Camp Francach ar an láthair agus píosa páipéir aige a raibh forógra gearr ach spreagúil Napoléon chuig a chuid trúpaí scríofa air. Léigh an coirnéal amach dúinn é.

Mheabhraigh an t-impire do na trúpaí faoi na buanna a bhí bainte amach acu roimhe seo agus thuar sé go gcuirfeadh an bua sa chath a bhí ag teacht agus gabháil Mhoscó deireadh lenár gcuid trioblóidí. Cuireadh fáilte mhór roimh an teachtaireacht i bhfad agus i ngearr. Gan mórán moille, d'fhéadfai torann na ngunnaí móra a chloisteáil agus cuireadh túis leis an gcath.

1. Cathain a chuaigh Vossler isteach sa Grande Armée?
2. Cad leis a raibh saighdiúirí ag síul nuair a ghabhfaidís Mósco?
3. Cathain a thosaigh na saighdiúirí ag bogadh ar an lá ar tharla Chath Borodino?
4. Cén teachtaireacht a tugadh do na saighdiúirí maidin an chatha?
5. Ar ghabh Napoléon agus a arm Mósco? Mínigh do fhreagra.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Louis XVI agus Réabhlóid na Fraince.
2. Fás sa daonra, 1775-1815.
3. Fadhbanna na bochtaineachta sna bailte móra tionsclaíocha.
4. Ludwig van Beethoven agus a chuid ceoil.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Conas a tháinig Manchain chun cinn mar chathair thábhachtach thrádála agus thráchtála?
2. Cad ba chiall le “córas ilchríochach” Napoléon agus cén tionchar a bhí aige ar Shasana?
3. Cad iad na leasuithe buana a thug Napoléon isteach sa Fhrainc?
4. Cad ba chiall le Bunreacht Sibhialta na Cléire agus cén tábhacht a bhí leis?

Leathanach Bán

leathanach
Bán